# TG4
# CÓD IOMPAIR DO SHOLÁTHRÓIRÍ CLÁR COIMISIÚNAITHE

## CÚLRA

Is craoltóir seirbhíse poiblí é TG4. Is craoltóir seirbhíse poiblí é TG4. Sonraítear feidhmeanna agus dualgais TG4 san Acht Craolacháin , 2009 arna leasú ag an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022.

Is é ár misean seirbhíse poiblí seirbhísí meán cumarsáide nuálacha agus siamsúla a chur ar fáil a dhéanann ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus a bhfuil ceangal acu le lucht féachana sa bhaile agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht le hearnáil físe agus fuaime na Gaeilge, déanfar ábhar de scoth an domhain a chruthú agus tacófar le fás eacnamaíoch in Éirinn.

Is í an fhís atá againn ná: "Trí scála maoinithe den chéad scoth agus trí dhíriú níos mó ar dhaoine óga agus ar chruthaitheacht neamhspleách na hÉireann, leanfaidh TG4 air ag mealladh lucht féachana de gach aois agus ag leagan síos na mbunchloch chun pobail Ghaeilge a chothú ionas go n-éireoidh le hidirnáisiúnú ár dtionscail sna réigiúin."

Tá luachanna an stáisiúin bunaithe ar thimpeallacht a chur ar fáil ina ndéantar na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

- An Ghaeilge
- Cruthaitheacht agus Nuálaíocht
- Obair i gComhar agus Foirne
- Solúbthacht
- Macántacht, Ionracas & Freagracht
- Béim ar an Lucht Féachana
- Poist a chur chun cinn san earnáil léiriúcháin neamhspleách.

Tá sé mar sprioc againn na caighdeáin eitice, mhacántachta, chomhionannais, mheasa agus ionracais is airde agus is féidir a bhaint amach inár ngníomhaíochtaí go léir, agus an reachtaíocht ábhartha ar fad a chomhlíonadh i gcónaí. Tá dualgas ar fhostaithe TG4 cloí leis na dlíthe agus leis na rialacháin is infheidhme. Bímid ag súil go dtabharfaidh siad faoina gcuid oibre go stuama agus go heiticiúil agus bímid ag súil leis an iompar céanna ó sholáthróirí TG4.

Bíonn TG4 ag brath ar líon ard soláthróirí tríú páirtí do chláir choimisiúnaithe. Bímid ag súil go bhfeidhmeoidh na soláthróirí sin de réir na gcaighdeán is airde a thagann le luachanna TG4, agus ar bhealach atá ag teacht le dea-chleachtais ghnó.

Féachann lucht féachana in Éirinn ar ábhar TG4 ar gach ardán agus féachann lucht féachana ar fud an domhain ar ábhar TG4 ar sheinnteoir TG4. Cuireann cáil agus branda TG4 le rath na heagraíochta agus bímid ag brath ar ár bhfostaithe agus ár soláthróirí chun cabhrú linn leanúint ar aghaidh agus tuilleadh ratha a bhaint amach. Bíonn TG4 ag súil mbeidh ár soláthróirí i mbun gnó ar bhealach nach dtarraingeoidh míchlú ar TG4.

Leagtar prionsabail TG4 amach sa Chód Iompair seo do sholáthróirí, chomh maith leis an méid a bhfuil TG4 ag súil leis ó eagraíochtaí a chuireann cláir choimisiúnaithe ar fáil do TG4 (lena n-áirítear a gcuid fostaithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus gníomhairí) maidir lena gcuid iompar agus a gcuid cleachtas gnó nuair a bhíonn siad ag soláthar cláir choimisiúnaithe do TG4.

Táimid ag súil go mbeidh córais chuí i bhfeidhm agus in úsáid ag ár soláthróirí go léir chun comhlíonadh an Chóid Iompair seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. De réir conartha, éilímid ar ár soláthróirí gach reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh.

Forchoimeádann TG4 an ceart monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh soláthróra leis an gCód Iompair seo. Sa chás nach bhfuiltear ag comhlíonadh an chóid, forálaimid an ceart gníomh iomchuí a ghlacadh a bhféadfadh foirceannadh ar chaidreamh an tSoláthróra linn a bheith mar thoradh air.

## CÓD IOMPAIR SOLÁTHRÓIRÍ

### Achoimre ar Phrionsabail

Bíonn TG4 ag súil go n-iompróidh Soláthróirí iad féin mar is cuí i leith gach tríú páirtí a mbíonn siad i dteagmháil leo le linn dóibh ábhar clár a sholáthar do TG4, agus chun cloí le caighdeáin TG4 sna príomhréimsí seo a leanas:

## Ionracas Gnó

**Comhlíonadh Dlíthe** Ní mór do Sholáthróirí, agus iad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí ar fad, a gcuid cúraimí gnó a chleachtadh de réir na ndlíthe, rialacha agus rialachán is infheidhme.

### Árachas

Beidh leibhéil oiriúnacha agus leordhóthanacha árachais ag soláthróirí.

### Cáin

Comhlíonfaidh soláthróirí gach dlí cánach AE agus baile is infheidhme.

### Coimhlintí Leasa

D'fhéadfadh coinbhleacht leasa Soláthróra dochar a dhéanamh d'ionracas, neamhspleáchas agus do chaighdeáin TG4. Ceanglaítear ort polasaithe a bheith i bhfeidhm chun déileáil le coimhlintí den sórt seo lena chinntiú go ndéantar iad a láimhseáil go cuí, agus nach mbíonn tionchar acu ar dhlisteanacht na cinnteoireachta ná ar sheachadadh clár do TG4.

**Bronntanais agus Siamsaíocht** Níor chóir go dtabharfadh Soláthróirí bronntanais ná ábhar siamsaíochta d'fhoireann ná do chomhairleoirí TG4, ar mhaithe le buntáiste míchuí nó cóir fhabhrach a fháil de réir chaighdeáin, líon nó thráthúlacht na mbronntanas nó na n-ábhar siamsaíochta sin.

## Cleachtais Ghnó Fhreagracha

### Príobháideacht agus Slándáil Faisnéise

Ní mór do sholáthróirí gach reachtaíocht cosanta sonraí agus cóid tionscail a chomhlíonadh lena n-áirítear RGCS agus polasaí príobháideachta TG4 agus gan faisnéis/sonraí a fhaigheann siad trína gcaidreamh linn a úsáid ach chun na críche a sainítear sin.

Ní mór do sholáthraithe faisnéis/sonraí a stóráil agus a phróiseáil mar a aontaíodh le TG4 agus de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí, RGCS agus cóid tionscail agus ní mór polasaithe agus nósanna imeachta slándála faisnéise cuí a bheith i bhfeidhm acu chun rochtain ar ár gcuid faisnéise/sonraí a sholáthar ar bhealach slán. Ní mór do sholáthróirí TG4 a chur ar an eolas go pras maidir le fíor-chásanna, nó cásanna amhrasta, de sháruithe príobháideachta, de sháruithe slándála nó de chaillteanas faisnéise/sonraí de chuid TG4.

### Faisnéis rúnda agus eolas ón taobh istigh

Éilítear ort srian a chur ar líon na ndaoine laistigh den eagraíocht a roinntear faisnéis rúnda agus eolas ón taobh istigh leo.

## Atosú Gnó agus Pleanáil Theagmhasach

Mar thoradh ar a thábhachtaí agus atá roinnt seirbhísí a chuireann soláthróirí ar fáil don eagraíocht, agus mar thoradh ar na cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, bímid ag súil go ndéanfar pleananna leanúnachais gnó agus athshlánaithe tubaiste an tSoláthróra a fhorbairt, a chothabháil agus a thástáil de réir na gceanglas rialála, conarthach agus leibhéal seirbhíse is infheidhme.

## Creidiúnaithe a Íoc go Pras

Íocfaidh soláthróirí creidiúnaithe in am trátha. Tarraingítear míchlú ar TG4 nuair nach ndéantar amhlaidh.

## Seachfhoinsiú

Aithnímid go bhfostaíonn go leor dár Soláthróirí conraitheoirí neamhspleácha féinfhostaithe (seachas fostaithe) le linn dóibh cláir a sholáthar dúinn. Cinnteoidh an Soláthróir go gcloífidh na conraitheoirí neamhspleácha sin leis an gCód Iompair seo.

## Na Meáin Shóisialta

Bímid ag súil go mbeidh tú freagrach agus tú ag úsáid na meán sóisialta, go ndéanfaidh tú idirdhealú idir ábhar pearsanta agus gairmiúil agus go n-iarrfaidh tú cead ar TG4 sa chás go ndéanfadh an t-ábhar aon cheangal idir do chuideachta agus TG4.

## Timpeallacht

Bímid ag súil go n-oibreoidh ár gcuid soláthróirí linn chun inbhuanaitheacht timpeallachta a chur chun cinn. Ceanglaítear ar sholáthróirí a gcuid a dhéanamh chun a lorg ar an timpeallacht a laghdú agus chun tabhairt faoina ngnó ar mhodh atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil

de. Éilímid ar ár soláthróirí deimhniú “Albert” a bhaint amach chun lorg carbóin na léiriúchán a mheas.

### Freagracht chorparáideach
Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh ar bhealach atá freagrach go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de.

### Breabaireacht agus íocaíochtaí míchuí
Ní bheidh aon ghlacadh agat le breabaireacht ná dreasachtaí, ní thairgfidh tú breabaireachtaí ná dreasachtaí agus ní thabharfaidh tú ná ní ghlacfaidh tú lena leithéid. Chomh maith leis sin, ní cheadóidh tú d'aon tríú páirtí a bheidh ag tabhairt faoi sheirbhísí thar do cheann a bheith i mbun iompar den chineál sin.

### Míchlú
Ní sheolfaidh soláthróirí a gcuid gnó ar bhealach a tharraingeoidh míchlú ar TG4.

## Caitheamh go Freagrach le Daoine Aonair

### Meas agus Éagsúlacht
Táthar ag súil go gcothóidh tú ionad oibre ina leagtar béim ar an ngairmiúlacht agus ina léirítear meas ar dhínit gach duine aonair a mbíonn teagmháil agat leo. Ní mór do sholáthróirí meas a léiriú ar éagsúlacht a bhfostaithe agus ar na daoine eile a mbíonn teagmháil acu leo, lena n-áirítear meas a léiriú ar dhifríochtaí amhail inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, cine, aois, míchumas, claonadh gnéis, bunús eitneach agus reiligiún.
Níor cheart do sholáthróirí glacadh le ciapadh, idirdhealú, foréigean, frithbheart ná le hiompar drochmheasúil agus mí-oiriúnach eile.

Ní mór do sholáthróirí dínit a gcuid fostaithe féin agus eile dá mbíonn siad ag idirghníomhú leo a urramú chomh maith le haird a thabhairt ar phrionsabail na héagsúlachta agus áit oibre measúil a choinneáil.

### Ciapadh, bulaíocht agus mí-úsáid cumhachta
Ní ghlacann TG4 le ciapadh, gnéaschiapadh ná bulaíocht, idirdhealú ná le hiompar gránna d'aon chineál ar a n-áireofaí beag is fiú a dhéanamh d'fhostaithe nó de dhaoine eile a mbíonn an Soláthróir ag idirghníomhú leo trína ndeir siad leo nó a ngníomhartha nó ábhar gránna a bheith ar taispeáint nó a scaipeadh. Bíonn TG4 ag súil go mbeidh na polasaithe agus na treoracha iomchuí i bhfeidhm acusan a mbímid i mbun gnó leo chun ciapadh agus bulaíocht san áit oibre a chosc nó chun déileáil lena leithéid agus go ngníomhóidh siad ar na beartais sin. Tarraingítear míchlú ar TG4 sa chás go mainníonn Soláthróirí caitheamh ar bhealach measúil agus cuí leosan a mbíonn siad ag idirghníomhú leo,

### Cleachtais Fostaíochta
Ní mór duit cloí leis na caighdeáin agus leis an reachtaíocht fostaíochta is infheidhme a bhaineann le hidirdhealú agus le cearta an duine. Ba chóir do sholáthróirí a chinntiú go bhfuil caighdeáin fostaíochta i bhfeidhm acu atá soiléir agus aonfhoirmeach agus a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla agus rialála.
Ba chóir do Sholáthróirí a

chinntiú go bhfuil traenáil leordhóthanach ar a mbaill foirne uile i dtaobh a ndualgas cúraim i leith a gcuid conraitheoirí, a gcuid fostóirí agus eile a mbíonn siad ag idirghníomhú leo agus measúnú a dhéanamh go rialta

go bhfuil dea-chleachtas agus gach reachtaíocht iomchuí á comhlíonadh. Tá feidhm leis na ceanglais sin i ndáil le daoine atá fostaithe go díreach ag an Soláthróir agus na daoine sin ar fad a mbíonn siad ag idirghníomhú leo, cibé i gcás tionscadail shonracha nó gníomhaíochtaí leanúnacha.

## Cláracha Páistí

Ní mór cúram cuí a ghlacadh chun leas fisiciúil agus mothúchánach agus dínit gach duine a ghlacann páirt i do ghnó nó atá bainteach leis a chosaint, lena n-áirítear iadsan atá faoi 18 mbliana d'aois. Ní mór duit an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2024 arna leasú ó am go ham a chomhlíonadh chomh maith le haon treoir eile arna heisiúint ó am go ham de bhun na reachtaíochta seo.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Bítear ag súil go gcuirfidh tú áiteanna oibre folláin agus sábháilte ar fáil agus go gcomhlíonfaidh tú gach dlí sláinte agus sábháilteachta iomchuí. Bímid ag súil go gcuirfidh Soláthróirí faisnéis agus treoir leordhóthanach maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar fáil dá gcuid fostaithe ar fad chun cur ar chumas an tSoláthróra a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i dtaobh áit oibre fholláin agus shábháilte a choinneáil. Bítear ag súil go nglacfaidh tú meon forghníomhach, comhoibritheach i leith sláinte, sábháilteacht agus slándáil do chuid fostaithe, conraitheoirí, custaiméirí agus soláthróirí agus daoine a bheidh ag obair ar do mhaoin nó ag tabhairt cuairte uirthi agus iadsan dá mbíonn tú ag idirghníomhú leo.

### Coinneáil Taifead

Ní mór duit taifid a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'aon nós imeachta dlí nó rialála atá ar feitheamh nó atá á bhagairt a choinneáil agus dá mbíonn an Soláthróir ar an eolas faoi. Ní mór do sholáthróirí taifid inmheánacha leordhóthanacha a choinneáil d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh a n-oibleagáidí i leith TG4 mar is cuí.

### Comhlíonadh tríú páirtithe leis an gCód Iompair seo

Ní mór do thríú páirtithe an Cód Iompair seo a chomhlíonadh agus a chinntiú go gcomhlíonann a gcuid fostaithe, gníomhairí agus conraitheoirí neamhspleácha é, chomh maith.
Ní mór do sholáthróirí monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí conarthacha agus ar a n-oibleagáidí i ndáil leis an gCód Iompair seo, agus fianaise a sholáthar do TG4 ar mhonatóireacht agus ar chomhlíonadh den sórt sin arna iarraidh sin.

### Monatóireacht arna déanamh ag TG4

Forchoimeádann TG4 an ceart monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí leis an gCód Iompair seo.
I gcásanna neamhchomhlíonta, coimeádaimid an ceart chun gníomh iomchuí a ghlacadh, agus d’fhéadfaí an caidreamh le Soláthróir a fhoirceannadh mar thoradh air.